2027.M122S2T

2027L572A1IS2

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta
# Sampla 2

# Staidéar Drámaíochta, Scannánaíochta agus Amharclannaíochta

## Ardleibhéal

## 2 uair 30 nóiméad

300 marc

**Scrúduimhir**

**Dáta Breithe**

Scríobh 3 Feabhra 2005 mar 03 02 05, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

## Treoracha

Tá **trí** roinn sa pháipéar seo.

| | | |
|---|---|---|
| **Roinn A** | **Ceisteanna Éigeantacha**<br>Ceist 1 - Freagair gach cuid den cheist.<br>Ceist 2 - Fócas staidéir roghnach - Freagair gach cuid den cheist. | 100 marc |
| **Roinn B** | **An Drámaíocht, an Amharclannaíocht agus an Scannánaíocht a Iniúchadh**<br>Ceist 3 - Drámaíocht/Amharclannaíocht Dualgais - Freagair 3(a) nó 3(b).<br>Ceist 4 - Scannánaíocht Dualgais - Freagair 4(a) nó 4(b). | 160 marc |
| **Roinn C** | **Machnamh agus Freagairt**<br>Ceist 5 - Freagair 5(a) nó 5(b). | 40 marc |

Scríobh do Scrúduimhir agus do Dháta Breithe sna boscaí ar an gclúdach tosaigh.

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh sa leabhrán seo. Féadfaidh sé nach mbeidh ort úsáid a bhaint as an spás go léir atá curtha ar fáil. Tá spás i gcomhair obair bhreise i gcúl an leabhráin. Lipéadaigh aon obair bhreise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

**Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh.**

**Ní ceadmhach peann luaidhe a úsáid, pionsail dathadóireachta san áireamh, ach amháin le haghaidh sceitsí nó líníochtaí. Ná húsáid marcóirí, péint ná aon mheáin fhliucha.**

Déanfar an leabhrán scrúdaithe seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Féadfaidh sé nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.

| Roinn A | Ceisteanna Éigeantacha | 100 marc |
|---|---|---|

**Ceist 1** **(60 marc)**

Freagair gach cuid den cheist.

**(a)**



**Fíor A**. Íomhá as *Horror* le Jakop Ahlbom in Amharclann na Péacóige.

Cuir i gcás gur tusa dearthóir an tsoilsithe do léiriú amharclannaíochta dar téama 'Oíche Shamhna'. Sainaithin **dhá** theicníc shoilsithe a d'fhéadfá a úsáid chun méadú ar scanrúlacht an léirithe **agus** mínigh an fáth a n-úsáidfeá an **dá** cheann de na teicnící sin.

| Teicníc shoilsithe 1: |
|---|
| Míniú: |
| |
| |
| |

| Teicníc shoilsithe 2: |
|---|
| Míniú: |
| |
| |
| |

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile*

**(b)**

Scrúdaigh an íomhá den seit amharclannaíochta i bh**Fíor B** ar Pháipéar X as *Maybe Happy Ending* le Will Aronson agus Hue Park, arna léiriú ag Michael Arden, Broadway Production (2024).

Céard a chuireann an radharc atá á léiriú san íomhá in iúl don lucht féachana, dar leat?
Déan tagairt shonrach i do fhreagra don úsáid a bhaintear as prapaí **agus** do shuíomh an radhairc.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile*

**(c)**
Sainmhínigh **gach** ceann de na téarmaí seo a leanas agus mínigh, i ngach cás, an fáth a gcuirfí na roghanna seo san áireamh le haghaidh léiriú amharclannaíochta:

léiriú suaimhneach fotheidil

| Léiriú suaimhneach: |
| --- |
| |
| |
| Míniú: |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

| Fotheidil: |
| --- |
| |
| |
| Míniú: |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile*

**(d)**

Tógadh an scéalchlár i bh**Fíor C** ar Pháipéar X as sraitheog aicsin sa scannán *The Towering Inferno* arna stiúradh ag John Guillermin (1974), an scéalchlár le Joseph Musso.

Déan staidéar ar **Fhíor C** agus freagair cuid (i), (ii) **agus** (iii).

**(i)** Céard is scéalchlár ann?

| |
|---|
| |
| |
| |

**(ii)** Léirmhínigh an méid a tharlaíonn sna **frámaí 2, 3 agus 4** den scéalchlár sin. (Tá uimhir gach fráma ar thaobh na láimhe clé den fhráma).

| |
|---|
| Fráma 2: |
| |
| Fráma 3: |
| |
| Fráma 4: |
| |

**(iii)** Luaigh **dhá** chúis a gcabhródh an scéalchlár seo le cleachtóir a bheadh páirteach i léiriú na sraitheoige sin.

| |
|---|
| Cúis 1: |
| |
| |
| Cúis 2: |
| |
| |

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile*

**(e)**

Líon isteach an tábla thíos lena chur in iúl cé acu fíor **nó** bréagach atá na ráitis seo a leanas.
*Tá ceann amháin déanta duit.*

| **Ráiteas** | Fíor **nó** Bréagach |
|---|---|
| Is éard atá i gceist le leanúnachas ná bheith ag scannánú go leanúnach ar feadh tréimhse fada. | |
| Is é an sainmhíniú atá ar chumadóireacht ar an láthair ná feabhas a chur ar léiriú amharclannaíochta. | |
| Tarlaíonn blocáil nuair nach féidir leis an lucht féachana an stáitse a fheiceáil ina iomláine. | |
| Is ainm eile ar ordbhileog é script/leabhar leide. | |
| *Is i spás ciorclach amháin is féidir amharclannaíocht sa lántimpeall a bheith ann.* | ***Bréagach*** |
| Is féidir leis na carachtair agus leis an lucht féachana fuaim insinte a chloisteáil. | |

**(f)**

Sainmhínigh obair cheardlainne agus cuir in iúl cén uair ba chuí leas a bhaint aisti.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile*

**(g)**

**(i)** Sainaithin **dhá** chineál gluaiseachta ceamara.

| |
|---|
| 1: |
| 2: |

**(ii)** Mínigh an fáth a mbainfeá úsáid as an **dá** chineál gluaiseachta ceamara a shainaithin tú i gcuid **(i)**.

| |
|---|
| 1: |
| |
| |
| 2: |
| |
| |

*Leantar den roinn seo ar an gcéad leathanach eile*

**Ceist 2** **Fócas staidéir roghnach** **(40 marc)**

Freagair gach cuid den cheist.

| |
|---|
| Tabhair do d'aire:<br>Ar mhaithe leis an measúnú i g**Ceist 2**, is éard a thuigtear leis an téarma **fócas staidéir** ná na seánraí/tréimhsí/stíleanna/foirmeacha roghnacha a ndéantar staidéar orthu san amharclannaíocht agus sa scannánaíocht araon.<br>**Agus tú ag freagairt na ceiste seo, ní ceadmhach tagairt do dhrámaí ná do scannáin dualgais a bhfuil staidéar agus scrúdú le déanamh orthu in 2027 san ábhar seo ná in aon ábhar eile san Ardteistiméireacht.**<br>Cé gur féidir gach ceann de na téarmaí; 'gnéithe', 'gnásanna' nó 'teicnící' a úsáid ina n-aonar nó le chéile, is éard a thuigtear leis an téarma 'saintréith(e)' ná ceann amháin nó níos mó de na gnéithe, gnásanna nó teicnící a bhaineann le fócas staidéir ar bith. |

**(a)** **Drámaíocht/Amharclannaíocht Roghnach**

Agus tú ag tagairt do léiriú drámaíochta/amharclannaíochta roghnach **amháin** ar a laghad a bhfuil staidéar déanta agat air, mínigh an tslí ar chuir an ghluaiseacht **nó** an suíomh ar an stáitse le do thuiscint ar d'fhócas staidéir roghnach.

| |
|---|
| D'fhócas staidéir roghnach sa drámaíocht/san amharclannaíocht: |
| |
| Cuir tic (✓) sa bhosca cuí le cur in iúl cé acu an ghluaiseacht nó an suíomh ar an stáitse atá i gceist i do fhreagra:<br>an ghluaiseacht ☐ an suíomh ar an stáitse ☐ |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile*

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile*

**(b)** **Scannánaíocht Roghnach**

Agus tú ag tagairt do scannán roghnach **amháin** ar a laghad a bhfuil staidéar déanta agat air, déan plé ar an tslí ar chuir ceann **amháin** de na gnéithe seo a leanas le do thuiscint an an bhfócas staidéir roghnach seo:

an fuaimrian an eagarthóireacht na feistis.

| Do fhócas staidéir roghnach sa scannánaíocht: |
|---|
| |
| Cuir tic (✓) sa bhosca cuí chun a chur in iúl cé acu an fuaimrian, an eagarthóireacht nó na feistis atá i gceist i do fhreagra.<br>an fuaimrian ☐ an eagarthóireacht ☐ na feistis ☐ |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile*

Ná scríobh ar an leathanach seo.

| **Roinn B** | **An Drámaíocht, an Amharclannaíocht agus an Scannánaíocht a Iniúchadh** | **160 marc** |
|---|---|---|

Freagair **Ceist 3** Drámaíocht/Amharclannaíocht Dualgais, agus **Ceist 4** Scannánaíocht Dualgais.

> Tabhair do d'aire:
> Ar mhaithe leis an measúnú i **Roinn B**, is éard a thuigtear leis an téarma **fócas staidéir** ná na seánraí/tréimhsí/stíleanna/foirmeacha dualgais a ndearna tú staidéar orthu san amharclannaíocht agus sa scannánaíocht araon.
>
> Cé gur féidir gach ceann de na téarmaí; 'gnéithe', 'gnásanna' nó 'teicnící' a úsáid ina n-aonar nó le chéile, is éard a thuigtear leis an téarma 'saintréith(e)' ná ceann amháin nó níos mó de na gnéithe, gnásanna nó teicnící a bhaineann le fócas staidéir ar bith.

**Ceist 3** **Drámaíocht/Amharclannaíocht Dualgais**

Freagair (a) **nó** (b).

**(a)** Freagair cuid (i) **agus** (ii). **(80 marc)**

**(i)** Déan plé ar **dhá** cheann ar bith díobh seo a leanas i dtaca le d'fhócas staidéir roghnaithe:

smideadh gothaí ceol idirthréimhseach prapaí

Cosain do phlé agus tú ag tagairt don léiriú ainmnithe.

**(ii)** Mínigh conas a chabhraigh ceann **amháin** de na gnéithe seo a leanas leat tuiscint níos fearr a fháil ar d'fhócas staidéir. Bíodh tagairt agat do shamplaí as radhairc nó as sleachta as léiriúchán **amháin** eile ar a laghad san fhócas staidéir seo:

smideadh gothaí ceol idirthréimhseach prapaí

Ní ceadmhach tagairt don léiriú ainmnithe den dráma dualgais.

**NÓ**

**(b)** Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas: (i) **nó** (ii) **nó** (iii). **(80 marc)**

**(i)** Ainmnigh an t-aisteoir in *Mosquitoes* le Lucy Kirkwood, arna stiúradh ag Rufus Norris, ba mhó a raibh tionchar ag a p(h)áirt ort. Déan léirmheas ar pháirt an aisteora sin sa léiriú sin, agus bíodh tagairt agat do **thrí** phointe faoi leith ar a laghad as an léiriú ainmnithe.

**NÓ**

**(ii)** Déan plé ar a éifeachtaí, dar leat, atá an úsáid a bhaineann Garry Hynes as idirghníomhaíocht na gcarachtar chun béim a chur ar an ngreann sa dráma *The Shadow of a Gunman* le Seán O'Casey. Bíodh tagairt sa phlé agat d'idirghníomhaíochtaí faoi leith idir **dhá** charachtar ar a laghad.

**NÓ**

**(iii)** Déan plé ar an méid a bhaintear úsáid chruthaitheach, dar leat, as feistis **agus** as prapaí sa léiriú ainmnithe de *Tóraíocht* le Philip Doherty, arna stiúradh ag Mikel Murfi. Bíodh samplaí agat as an léiriú ainmnithe chun tacú le do phlé.

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile*

Cuir tic (✓) sa bhosca cuí chun a chur in iúl cén chuid den cheist atá á freagairt agat.

3(a) ☐ 3(b)(i) ☐ 3(b)(ii) ☐ 3(b)(iii) ☐

Bain úsáid as an spás seo le haghaidh sceitseála/pleanála/obair gharbh.

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile*

Cuir tic (✓) sa bhosca cuí chun a chur in iúl cén chuid den cheist atá á freagairt agat.

3(a) ☐ 3(b)(i) ☐ 3(b)(ii) ☐ 3(b)(iii) ☐

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile*

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile*

*Leantar den roinn seo ar an gcéad leathanach eile*

Ná scríobh ar an leathanach seo.

*Leantar den roinn seo ar an gcéad leathanach eile*

**Ceist 4** **Scannánaíocht Dualgais**

Freagair (a) **nó** (b).

**(a)** **(80 marc)**

Cuir in iúl cén fócas staidéir atá agat sa scannánaíocht dualgais. Ainmnigh **dhá** shaintréith a bhí soiléir sa scannán dualgais a chuir le do tuiscint ar an bhfócas staidéir seo. Bíodh tagairt agat don scannán dualgais, agus do ghearrthóga agus do shleachta as scannán **amháin** eile ar a laghad san fhócas staidéir seo, chun tacú le do phlé.

**NÓ**

**(b)** **(80 marc)**

Mar stiúrthóir scannán atá ag teacht faoi bhláth, fuair tú spreagadh ó shaothar stiúrthóir an scannáin dualgais. Sainaithin **dhá** ghné stíle ar a laghad, atá le feiceáil sa scannán dualgais, a bhfuil meas agat orthu **agus** déan plé ar an bhfáth ar mhaith leat **gach** ceann de na gnéithe sin a chur san áireamh i do saothar féin.

Bíodh tagairt agat do cheann **amháin** díobh seo a leanas i do fhreagra ar an gceist seo:

**(i)** Fócas staidéir: **Stíl** - Stíl stiúrthóireachta Steven Spielberg
**Scannán:** *Jaws*

**NÓ**

**(ii)** Fócas staidéir: **Seánra** - Cineama Ealaíne na hEorpa
**Scannán:** *An Cailín Ciúin*

**NÓ**

**(iii)** Fócas staidéir: **Seánra** - Rómáns
**Scannán:** *Past Lives.*

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile*

Cuir tic (✓) sa bhosca cuí chun a chur in iúl cén chuid den cheist atá á freagairt agat.

4(a) ☐ 4(b)(i) ☐ 4(b)(ii) ☐ 4(b)(iii) ☐

Bain úsáid as an spás seo le haghaidh sceitseála/pleanála/obair gharbh.

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile*

Cuir tic (✓) sa bhosca cuí chun a chur in iúl cén chuid den cheist atá á freagairt agat.

4(a) ☐ 4(b)(i) ☐ 4(b)(ii) ☐ 4(b)(iii) ☐

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile*

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile*

**Ceist 5**

Freagair (a) **nó** (b).


**(a)** **(40 marc)**

*Is minic a bhíonn léiriúcháin chineamatacha agus amharclannaíochta ina scáthán ar an tsochaí.*

Sainaithin saincheist shóisialta **amháin** nó gné **amháin** den tsochaí a ndéantar iniúchadh air i scannán **nó** i léiriú amharclannaíochta a chonaic tú. Mínigh an tslí ar iniúchadh an tsaincheist shóisialta sin nó an ghné sin den tsochaí i scannán nó i léiriú amharclannaíochta ainmnithe.

**NÓ**

**(b)** **(40 marc)**




Rátálacha aicmithe scannán atá á léiriú i bh**Fíor D**. Úsáideann Oifig Aicmithe Scannán na hÉireann (IFCO) na siombailí sin le cur in iúl cén rátáil aoise atá déanta ar scannáin a thaispeántar i bpictiúrlanna in Éirinn. Tá léargas le fáil sna rátálacha aoise ar an lucht féachana a bhfuil an scannán dírithe air.

D'fhreastail tú ar scannán a taispeánadh i bpictiúrlann mar chuid den staidéar a rinne tú ar an scannánaíocht.

Ainmnigh an scannán ar fhreastail tú air **agus** cuir in iúl cén lucht féachana a raibh an scannán sin dírithe air, dar leat. Déan plé ar an tionchar ar an scannán sin a bhí ag an lucht féachana a raibh sé dírithe air. Bíodh **dhá** shampla as an scannán san áireamh sa phlé agat.

Cuir tic (✓) sa bhosca cuí chun a chur in iúl cén chuid den cheist atá á freagairt agat.

5(a) ☐ 5(b) ☐

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile*

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile*

## Spás le haghaidh obair bhreise

Cuir in iúl go soiléir uimhir na ceiste agus an chuid den cheist (de na gceisteanna) atá á (bh)freagairt agat.

## Spás le haghaidh obair gharbh

Cuir in iúl go soiléir uimhir na ceiste agus an chuid den cheist (de na ceisteanna) atá á (bh)freagairt agat.

Cuir in iúl go soiléir uimhir na ceiste agus an chuid den cheist (de na gceisteanna) atá á (bh)freagairt agat.

Admhálacha

C 1(a). **Fíor A:** Íomhá as *Horror* le Jakop Ahlbom in Amharclann na Péacóige, https://www.phoenixfm.com/wp-content/uploads/2017/05/horror-07-%C2%AEAnna-Karczmarz-775x517.jpg.
C 1(b). **Fíor B:** Íomhá as *Maybe happy Ending* le Will Aronson & Hue Park, arna stiúradh ag Michael Arden, Broadway production (2024), https://www.maybehappyending.com/wp-content/uploads/2024/11/MAYBE_HAPPY_ENDING_11_3_24_EVAN_ZIMMERMAN_1853_PJZEDIT_v003-2000x1125.jpg.
C 1(d). **Fíor C:** Radharc as *The Towering Inferno* (1974), le John Guillermin, mar a léirítear ar scéalchlár ag Joseph Musso é, https://www.dga.org/Craft/DGAQ/All-Articles/1501-Winter-2015/Drawing-Board-Up-in-Flames (Scéalchlár: Joseph Musso; Grianghraf: 20th Century Pictures/Photofest).
C 5(b). **Fíor D**: na treoirlínte aicmithe scannán atá ag Oifig Aicmithe Scannán na hÉireann (IFCO), https://www.ifco.ie/en/ifco/pages/guidelines.

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críoch an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir alt 53(5) den Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar, 2000. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche a bhfuil sé beartaithe chuici. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh nó úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Ardleibhéal

# Staidéar Drámaíochta, Scannánaíochta agus Amharclannaíochta

Sampla 2

2 uair 30 nóiméad